Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 30 Meitheamh 2026**
**(OR. en)**

**10456/1/26**
**REV 1**

**POLMAR 54**
**POLGEN 166**
**COMAR 28**
**ENV 714**
**ENER 387**
**MAR 90**
**PECHE 235**
**RELEX 821**
**SUSTDEV 46**
**TRANS 410**
**RECH 273**
**PROCIV 128**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 11 Meitheamh 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 530 final |
| Ábhar: | TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN<br>Straitéis an Aontais um pobail chósta athléimneacha rathúla ar féidir maireachtáil iontu |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 530 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 530 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 10.6.2026
COM(2026) 530 final

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN**

**Straitéis an Aontais um pobail chósta athléimneacha rathúla ar féidir maireachtáil iontu**

## 1. Réamhrá

Ó phobail iascaireachta go cathracha cósta, tá dlúthbhaint ag saol laethúil 95 mhilliún duine atá ina gcónaí i 70,000 km de chósta an Aontais agus laistigh de limistéir chósta an Aontais leis an aigéan.

Cuireann tíreolaíocht chósta agus féiniúlacht chósta an Aontais deiseanna ar leith ar fáil. Ag an bpointe cruinnithe talún agus mara, tá sócmhainní láidre comhshaoil, sóisialta agus cultúrtha ag pobail chósta agus tá acmhainneacht neamhshaothraithe acu chun an geilleagar gorm inbhuanaithe a chur chun cinn. Feidhmíonn siad mar bhinsí tástála don nuálaíocht ghorm agus do shamhlacha gnó inbhuanaithe nua, gníomhaíonn siad mar mhaoir na muirthimpeallachta cósta agus muirí, neartaíonn siad iomaíochas an Aontais, athbhunaíonn siad éiceachórais mhuirí agus chósta agus cosnaíonn siad a oidhreacht shaibhir chultúrtha mhuirí agus a fhéiniúlacht shaibhir mhuirí. Tá ról ríthábhachtach acu mar mhoil áitiúla don trádáil mhuirí, don turasóireacht agus do tháirgeadh bia agus fuinnimh ghlain.

An tráth céanna, tá pobail chósta an Aontais ar thúslíne an athraithe aeráide, chailliúint na bithéagsúlachta muirí agus cósta agus an truaillithe mhuirí. Tá dúshláin bhreise ag baint le turasóireacht neamhchothrom, ganntanas tithíochta inacmhainne, séasúracht na gníomhaíochta eacnamaíche (amhail turasóireacht, iascach), agus deiseanna fostaíochta teoranta, chomh maith le rioscaí comhshaoil agus bagairtí hibrideacha atá ag dul i méid. Tá limistéir chósta neamhchosanta freisin ar bhagairtí slándála mar gheall ar a suíomh geografach agus tá tábhacht straitéiseach ag baint leo ó thaobh na slándála agus na cosanta de sa timpeallacht gheopholaitiúil atá ann faoi láthair. Mura dtugtar aghaidh ar na brúnna sin, tá an baol ann go mbainfí an bonn de shlite beatha, de shlándáil agus de rathúnas na bpobal cósta, agus go mbeadh iarmhairtí níos leithne ann d'athléimneacht, d'iomaíochas agus do shlándáil an Aontais. Tá pobail chósta an Aontais an-éagsúil, ó phobail bheaga iascaireachta go mórchathracha calafoirt tionsclaíocha, le limistéir gheografacha, timpeallachtaí, rialachas, cultúir agus dálaí déimeagrafacha éagsúla. Níl cur chuige 'a oireann do chách' indéanta ná éifeachtach. Dá réir sin, ní mór straitéisí forbartha a shaincheapadh, a dhearadh agus a chur chun feidhme go háitiúil, chun riachtanais, dúshláin agus deiseanna sonracha a léiriú.

I gcomhréir le cuspóirí an Chomhshocraithe Eorpaigh um an Aigéan[1], **cuirtear straitéis de chuid an Aontais chun cinn den chéad uair lena gcruthaítear dúshláin agus deiseanna do phobail chósta faoi chreat comhleanúnach aonair.** Téitear i ngleic leis na dúshláin shonracha atá os comhair na gcríoch oileánach agus na réigiún is forimeallaí le straitéis an Aontais maidir le hOileáin[2] agus le straitéis an Aontais a bheidh ann amach anseo maidir leis na réigiúin is forimeallaí.

## 2. Cur chuige an Aontais i leith pobail chósta

Ós rud é go mbíonn tionchar ag go leor beartas agus cistí de chuid an Aontais ar limistéir chósta, is féidir le cur chuige comhleanúnach maidir lena bhforbairt agus lena gcur chun feidhme sineirgí a uasmhéadú ar fud na mbeartas muirí, aeráide, comhtháthaithe, sóisialta, taighde agus nuálaíochta, fuinnimh agus comhshaoil. Comhlánóidh gníomhaíochtaí an Aontais iarrachtaí náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla, seachas iad a ionadú, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta.

[1] COM(2025) 281 final
[2] COM(2026) 520 final

Trí phobail chósta a chur i gcroílár na straitéise seo, cuirtear treoir shoiléir ar fáil, lena dtacaítear leis na Ballstáit agus le páirtithe leasmhara maidir le pleanáil, clársceidealú agus cur chun feidhme – sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma araon.

Ní mór tús a chur le cur chuige an Aontais i leith pobail chósta ar bhonn riachtanais agus ábhair imní na ndaoine atá ina gcónaí ar an gcósta. Bunaithe ar chomhairliúcháin le páirtithe leasmhara[3] agus ar anailís ar na rioscaí agus na deiseanna do phobail chósta, sainaithnítear i gcur chuige an Aontais **trí chuspóir straitéiseacha do phobail chósta Eorpacha:**

i. **Rathúnas.** Infheistíocht a dhéanamh i ngeilleagar gorm éagsúil inbhuanaithe agus tairbhí áitiúla a áirithiú, le tacaíocht ón nuálaíocht agus ó shamhlacha nua inbhuanaithe gnó.
ii. **Athléimneacht.** Oiriúnú go leanúnach do na rioscaí méadaitheacha a bhaineann leis an athrú aeráide agus le rioscaí comhshaoil, eacnamaíocha, sóisialta agus slándála eile, agus rannchuidiú an tráth céanna le dícharbónú, le cleachtas inbhuanaithe agus le laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ar fud gníomhaíochtaí cósta agus muirí.
iii. **Inchónaitheacht.** Áiteanna beoga, cuimsitheacha agus tarraingteacha a fhorbairt inar féidir le daoine de gach glúin cónaí, oibriú agus a gcuid ama fóillíochta a chaitheamh, agus inar féidir rath a bheith ar an gcultúr muirí, ar an oidhreacht agus ar an bhféiniúlacht áitiúil.

## 2.1. Pobail rathúla cois cósta

### *(1) Earnálacha traidisiúnta an gheilleagair ghoirm a neartú agus a éagsúlú*

Gineann geilleagar gorm an Aontais thart ar EUR 263 bhilliún in aghaidh na bliana in oll-bhreisluach. Cé go bhfuil sé fós tearcmhaoinithe, tá deiseanna infheistíochta ar fud earnálacha an gheilleagair ghoirm ag dul ó neart go neart.[4] Tá eolas muirí, nuálaíochtaí gorma agus teicneolaíochtaí gorma ag spreagadh samhlacha agus deiseanna nua gnó cheana féin. Is féidir poist, scileanna agus infheistíocht áitiúil do phobail chósta a bheith mar thoradh ar dhul chun cinn tapa san fhuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta, i réitigh dhigiteacha agus i mbreathnóireacht an aigéin. Is féidir le pobail chósta gníomhú mar mhoil don gheilleagar gorm, áit a spreagann an nuálaíocht an t-iomaíochas, rud a threisíonn feidhmíocht eacnamaíoch fhoriomlán an Aontais agus a áirithíonn úsáid inbhuanaithe chaipiteal nádúrtha an aigéin an tráth céanna. Trí infheistíochtaí a dhíriú ar láidreachtaí réigiúnacha, cothaíonn **Straitéisí um Speisialtóireacht Chliste (S3)** comhar in éiceachórais nuálaíochta goirme áitiúla agus réigiúnacha lena gcruthaítear fás gnó agus poist i bpobail chósta. Chun an nuálaíocht i bpríomhéiceachórais a nascadh agus chun cur léi ar bhealach níos fearr, amhail bith-theicneolaíochtaí gorma, an bithgheilleagar gorm, agus dobharshaothrú ciorclach cliste, leanfaidh an Coimisiún de thacaíocht a thabhairt d’ardán téamach S3 don gheilleagar gorm inbhuanaithe.[5]

Tá bonn tionsclaíoch an gheilleagair ghoirm - lena n-áirítear monaraíocht mhuirí, loingseoireacht agus calafoirt - fós ina cholún mór d’acmhainneacht nuálaíochta, iomaíochas agus uathriail straitéiseach an Aontais. I **Straitéis an Aontais um Chalafoirt** agus sa **Straitéis Eorpach Mhuirí Thionsclaíoch**[6], leagtar amach conairí as a n-eascraíonn deiseanna nua gnó agus nuálaíocht, a bhaineann le loingseoireacht ghlas, fuinneamh amach ón gcósta agus lóistíocht, mar shampla. Cruthóidh sé sin poist áitiúla ardcháilíochta trí nuálaíocht faoi stiúir

[3] Lena n-áirítear an Glao ar Fhianaise, ceardlanna agus seisiún ag laethanta na nAigéan, chomh maith le staidéar tiomnaithe.
[4] Sonraí 2023 ó Thuarascáil 2025 an Gheilleagair Ghoirm agus An chéad rabharta eile den fhás gorm – Tuarascáil 2026 don infheisteoir, faoi seach.
[5] Inforegio - Geilleagar Gorm Inbhuanaithe
[6] COM(2026) 112 agus COM(2026) 111

na gcalafort agus trí bhraislí tionsclaíocha, lena gcuirfear an bonneagar agus an nascacht ar fáil an tráth céanna don iomaíochas agus don tslándáil don Aontas ina iomláine.

Is iad na hearnálacha **iascaigh agus dobharshaothraithe**, lena n-áirítear an slabhra luacha níos leithne, cnámh droma go leor geilleagar cósta. Tá na gairmeacha seanbhunaithe sin fréamhaithe go domhain in oidhreacht chultúrtha an Aontais, agus tá siad ríthábhachtach do sholáthar bia an Aontais. Tá dul chun cinn leanúnach i mbainistiú inbhuanaithe iascaigh, faoin gcomhbheartas iascaigh (CBI), ríthábhachtach d'inmharthanacht fhadtéarmach na hearnála, do phoist áitiúla, d'ioncaim chothroma, do shlándáil bia agus d'athnuachan ó ghlúin go glúin (daoine óga a thabhairt isteach san earnáil ionas gur féidir léi leanúint ar aghaidh amach anseo).

Léirítear sa mheastóireacht a rinneadh le déanaí ar an Rialachán maidir leis an gComhbheartas Iascaigh[7] nach leor an dul chun cinn atá déanta: tá téarnamh stoc éisc fós rómhall agus tá gnóthachain eacnamaíocha ró-íseal, i measc nithe eile mar gheall ar dhúshláin nua lena n-áirítear forbairtí geopholaitiúla, an t-athrú aeráide agus praghsanna arda fuinnimh. Tá acmhainneacht an dobharshaothraithe inbhuanaithe fós tearcshaothraithe. Beidh an mheastóireacht ar CBI mar bhonn eolais d'athchóirithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar CBI agus beidh sí mar bhonn d'**Fhís 2040 an Choimisiúin don Iascach agus don Dobharshaothrú**, creat straitéiseach 15 bliana chun forbairt beartais a threorú sna blianta amach romhainn chun iomaíochas, inbhuanaitheacht agus athléimneacht na n-earnálacha a neartú. I gcomhthéacs na Físe, leagfaidh an Coimisiún béim ar leith ar athléimneacht, inbhuanaitheacht agus rathúnas na bpobal cósta.

Cuireann an **turasóireacht chósta**, an fostóir is mó sa gheilleagar gorm, fostaíocht dhíreach ar fáil do na milliúin daoine san Aontas[8]. Mar sin féin, is féidir le turasóireacht iomarcach leochaileacht i leith séasúrachta, plódú, brú acmhainní agus bonneagair, agus dúshláin tithíochta a mhéadú. Is é is aidhm do straitéis turasóireachta inbhuanaithe an Aontais atá ar na bacáin ag an gCoimisiún samhlacha turasóireachta níos cothroime, níos athléimní agus níos iomaíche a chur chun cinn a rachaidh chun tairbhe do phobail áitiúla agus do thaistealaithe.

*(2) Deiseanna le haghaidh nuálaíochta, eolas muirí, agus samhlacha nua gnó*

Tá eolas muirí, nuálaíochtaí gorma agus teicneolaíochtaí gorma ag spreagadh samhlacha nua gnó, rud a chuireann tairbhí áitiúla agus uile-Aontais ar fáil, agus is féidir poist áitiúla agus infheistíocht áitiúil a bheith mar thoradh ar dhul chun cinn san fhuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta, i réitigh dhigiteacha agus i mbreathnóireacht ar na haigéin. Ar an gcaoi chéanna, mar a leagtar amach thuas, is féidir le pobail chósta gníomhú mar mhoil don gheilleagar gorm.

Beidh fás an gheilleagair ghoirm amach anseo ag brath ar dhigitiú luathaithe, ar shaothrú sonraí aigéin agus ar eolas muirí agus aigéin níos fearr. Éilíonn samhlacha gnó nuálacha, amhail cothabháil thuarthach sócmhainní eischósta, chomh maith le feidhmeanna dé-úsáide, córais sonraí agus breathnóireachta níos láidre. Leis **an tionscnamh OceanEye**,[9] neartófar faireachán agus breathnóireacht an aigéin san Eoraip agus ar fud an domhain agus cruthófar deiseanna nua do phobail chósta: Cuirfidh sé feabhas ar an **eolas atá againn ar uiscí cósta** agus cuirfidh sé feabhas ar ár gcumas measúnú a dhéanamh ar rioscaí aeráide, bagairtí slándála muirí a bhrath agus deiseanna a chur ar fáil do gheilleagar gorm an Aontais. Soláthróidh OceanEye, i sineirgíocht le Destination Earth[10], sonraí agus uirlisí ar scála cósta, rud a thacóidh le nuálaíocht áitiúil i dteicneolaíochtaí aigéin agus i seirbhísí sonraí. Déanfaidh sé infheistíocht freisin chun

[7] SWD(2026) 120 final

[8] D'fhostaigh earnáil na turasóireachta cósta os cionn 2.7 milliún duine agus ghin sí EUR 93 bhilliún in oll-bhreisluach (Faireachlann an Aontais um an nGeilleagar Gorm). Sonraí ó 2023.

[9] OceanEye: Breathnóireacht agus cosaint an aigéin a threisiú - An Coimisiún Eorpach

[10] Destination Earth

nasc mothúchánach níos láidre a chothú idir saoránaigh agus an fharraige, agus chun uirlis shibhialta agus chultúrtha a dhéanamh de bhreathnóireacht an aigéin.

Baineann deiseanna teoranta fostaíochta agus séasúracht na gníomhaíochta eacnamaíche (e.g. sa turasóireacht, san iascach) an bonn den rathúnas i roinnt limistéir chósta. Is féidir le nuálaíochtaí agus samhlacha nua gnó (e.g. turasóireacht iascaigh, iascaigh a fhaigheann tacaíocht ón bpobal, forbairt slabhraí luacha áitiúla, brandáil chríochach agus dobharshaothrú ísealtrófach) tacú le **héagsúlú eacnamaíoch.** Is féidir le hacmhainní muirí in-athnuaite poist a chruthú agus fás áitiúil a chothú laistigh den bhithgheilleagar gorm. Le **Tionscnamh Nuálaíochta an Aontais maidir leis an mBithgheilleagar Gorm** atá ar na bacáin, neartófar comhar agus sineirgí réigiúnacha ar fud an dobharshaothraithe, an iascaigh, na talmhaíochta, an taighde, na n-údarás áitiúil agus na dtionscal bithbhunaithe, chun slabhraí luacha praiticiúla a fhorbairt amhail leasacháin atá bunaithe ar algaí, seachtháirgí iascaigh agus dobharshaothraithe a thiontú ina mbeatha nó ina mbithábhair, cothaithigh a aisghabháil idir limistéir chósta agus feirmeoireachta, agus táirgí ísealcharbóin ó dhobharshaothrú inbhuanaithe. Is féidir leis na gníomhaíochtaí sin borradh a chur faoi spriocanna an éagsúlaithe eacnamaíoch, na hathléimneachta agus an gheilleagair chiorclaigh, rud a threiseoidh na naisc idir réigiúin chósta agus intíre agus páirtithe leasmhara.

Is féidir le creidmheasanna dúlra agus creidmheasanna carbóin ghoirm a bheith ina sásraí chun luach saothair a thabhairt do ghníomhaíochtaí athchóirithe agus chun cailliúint na bithéagsúlachta muirí a aisiompú agus ceapadh carbóin á mhéadú an tráth céanna. Chun go bhféadfar **creidmheasanna carbóin ghoirm** a eisiúint agus a thrádáil amach anseo, **tacóidh an Coimisiún le modheolaíocht deimhniúcháin a fhorbairt maidir le héiceachórais charbóin ghoirm** (*le haghaidh riasca taoide agus móinéir féir mara*) faoi Rialachán 2024 maidir le hAistrithe Carbóin agus Feirmeoireacht Charbóin. Tá dréacht-Ghníomh Tarmligthe don mhodheolaíocht sin beartaithe faoi 2028. Thairis sin, mar chuid den **Treochlár i dtreo Creidmheasanna Dúlra**[11], tá punann tionscadal atá ag dul i méid á struchtúrú ag an gCoimisiún trína thionscnaimh thaighde, nuálaíochta agus phíolótacha chun roghanna éagsúla a thástáil, le tacaíocht ó Fhís Eorpach, LIFE, Cúnamh Glas agus ionstraimí eile de chuid an Aontais.

Tá scrúdú á dhéanamh ag an gCoimisiún ar na modhanna chun comhoibriú leis na Ballstáit i ndianphróiseas coiteann faireacháin lenar féidir tacú le tuairisciú agus fíorú fardal carbóin faoin Rialachán maidir le hÚsáid Talún, Athrú ar Úsáid Talún agus Foraoiseacht[12] agus oibleagáidí faoin Rialachán maidir le hAthchóiriú an Dúlra. Trí mhaoiniú príobháideach a shlógadh chun na héiceachórais sin a athchóiriú, faireachán a dhéanamh orthu agus iad a bhainistiú, is féidir na hiarrachtaí sin a threisiú.

Tá úsáidí an spáis mhuirí (e.g. caomhnú agus athchóiriú an dúlra, fuinneamh, iascach, dobharshaothrú, loingseoireacht agus turasóireacht) fite fuaite le forbairt na bpobal cósta. De réir mar a mhéadaíonn an iomaíocht don spás, tá pleanáil éifeachtach fíor-riachtanach, agus tá gá leis an **Treoir maidir le Pleanáil Spásúil Mhuirí** a nuachóiriú. Cuireann an Treoir maidir le Pleanáil Spásúil Mhuirí creat comhsheasmhach, trédhearcach agus fianaisebhunaithe ar fáil ach tá dúshláin fós ann, lena n-áirítear tionchair mhéadaitheacha an athraithe aeráide, truailliú muirí, agus brúnna comhshaoil ó úsáid níos déine chósta agus mhuirí, idirghníomhaíochtaí níos láidre idir an talamh agus an fharraige agus an gá atá le rialachas feabhsaithe an aigéin[13]. Is é is aidhm don **Ghníomh Eorpach um an Aigéan** a bheidh ann amach anseo, a bhfuiltear ag súil leis faoi dheireadh 2026, an Treoir maidir le Pleanáil Spásúil Mhuirí a nuachóiriú i

---

[11] COM/2025/374 final
[12] Rialachán (AE) 2018/841
[13] COM(2026) 174 final. An dara tuarascáil ina leagtar amach an dul chun cinn atá déanta maidir le Treoir 2014/89/AE a chur chun feidhme

gcomhréir le tosaíochtaí an Chomhshocraithe um an Aigéan. Beidh pobail chósta rannpháirteach ann chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin a bhaineann le hoiriúnú don athrú aeráide, cómhaireachtáil gníomhaíochtaí muirí, úsáid inbhuanaithe chaipiteal nádúrtha an aigéin, agus comhar trasteorann feabhsaithe.

Tacaíonn **straitéis an Aontais maidir le Fuinneamh In-athnuaite Amach ón gCósta**[14] le dícharbónú agus slándáil fuinnimh agus cuireann sí deiseanna ar fáil do phobail chósta maidir le hardmhonaraíocht, uasghráduithe calafort, infheistíochtaí sa slabhra soláthair, agus seirbhísí cothabhála, go háirithe don ghaoth amach ón gcósta agus níos mó agus níos mó d'fhuinneamh tonnta agus taoide. I gcás an Aontais, neartaíonn sé an tslándáil fuinnimh agus cuireann sé dlús leis an deireadh atá á chur de réir a chéile le breoslaí iontaise. An tráth céanna, is féidir le hiomaíocht le haghaidh spás cósta agus muirí agus rialacha casta pleanála moill a chur ar cheadú tionscadal nua fuinnimh agus teannas a chruthú le húsáidí eile talún agus mara, amhail iascach agus caomhnú an dúlra. Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, molann an Coimisiún Eorpach do na Ballstáit pleanáil spásúil mhuirí chomhtháite a neartú agus ceadú a chuíchóiriú, agus luach áitiúil agus tacaíocht phoiblí á n-áirithiú an tráth céanna trí **thionscnaimh Forbartha Áitiúla faoi stiúir an Phobail**. Le tacaíocht dar luach beagnach EUR 1 bhilliún don tréimhse 2021-2027 faoin gCiste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (CEMID) agus arna chomhlánú le cistí bheartas comhtháthaithe an Aontais, cuireann **tionscnaimh CLLD tairbhí díreacha ar fáil cheana féin do phobail áitiúla**[15] **trí chur chuige rannpháirteach ón mbun aníos**, go háirithe maidir le héagsúlú ioncaim. Lasmuigh d'fhorbairt áitiúil faoi stiúir an phobail, is féidir le cur chuige áitbhunaithe (lena n-áirítear **LEADER** agus **Sráidbhailte Cliste** freisin) aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shonracha na limistéar oileánach agus cósta. Amach anseo, ba cheart leanúint de na huirlisí rannpháirtíochta sin agus iad a chomhtháthú ar bhealach níos fearr i gcur chuige níos ilearnála i leith na forbartha áitiúla faoi stiúir an phobail, lena n-áirítear trí bhíthin an Tionscnaimh Nuálaíochta maidir leis an mBithgheilleagar Gorm a bheidh ann amach anseo.

Tá athnuachan ó ghlúin go glúin ríthábhachtach chun pobail chósta a choinneáil bríomhar agus iomaíoch. Le daonra atá ag dul in aois agus eisimirce na hóige, lagaítear margaí saothair áitiúla, fiontraíocht agus príomhearnálacha muirí, amhail iascach, dobharshaothrú nó tionscail ghorma nuálacha. Tá sé ríthábhachtach poist ardcháilíochta, conairí soiléire gairme agus tairiscintí láidre scileanna a chruthú, chomh maith leis an ualach riaracháin a laghdú, chun daoine óga a mhealladh agus a choinneáil agus chun borradh a chur faoin nuálaíocht. In 2027, molfaidh an Coimisiún **straitéis um Athnuachan Gorm ó Ghlúin go Glúin** chun gairmithe óga a mhealladh chuig gairmeacha gorma agus chun tacú leis an inbhuanaitheacht fhadtéarmach agus leis an nuálaíocht fhadtéarmach. In earnáil an fhuinnimh amach ón gcósta, le comhpháirtíocht faoin g**Comhshocrú um Scileanna**, cuirfear oiliúint ar 124 mhíle duine maidir le foinsí in-athnuaite fuinnimh amach ón gcósta faoi 2030.

**Ar deireadh, tá infheistíocht sa nascacht dhigiteach agus iompair** ríthábhachtach don fhás eacnamaíoch agus don rochtain ar sheirbhísí i réigiúin chósta. Is féidir leis na Ballstáit agus leis na réigiúin cistiú an bheartais chomhtháthaithe a úsáid chun feabhas a chur ar réimsí nascachta fisicí agus digití araon. In 2021-27, leithdháil an beartas comhtháthaithe EUR 40 billiún chun tacú le spriocanna an Aontais maidir leis an aistriú digiteach, go príomha chun an deighilt dhigiteach a dhúnadh agus chun borradh a chur faoin nascacht. Tá sé sin le feiceáil den chuid is mó sna réigiúin agus sna críocha cósta lagfhorbartha agus iargúlta, go háirithe i gcás na n-oileán, mar a léirítear i straitéis an Aontais maidir leis na hoileáin. **Molann an Coimisiún do na Ballstáit leas a bhaint as na féidearthachtaí atá ann cheana faoin tSaoráid um**

[14] COM(2020) 741 final
[15] Forbairt áitiúil faoi stiúir an phobail san iascach agus i bpobail chósta: Éachtaí agus Ceachtanna. FAMENET, 2025

**Chónascadh na hEorpa ar feadh a bhfuil fágtha den chlárthréimhse reatha (2026 agus 2027)**, agus ullmhú don chur chun feidhme faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil nua.

***<u>Gníomhaíochtaí Suaitheanta</u> - An Coimisiún:***

- *i gcomhthéacs **Fhís 2040 le haghaidh an Iascaigh agus an Dobharshaothraithe**, leagfar béim ar leith ar athléimneacht, inbhuanaitheacht agus rathúnas na bpobal cósta.*
- *laistigh den **tionscnamh OceanEye**, tacófar le páirtithe leasmhara cósta an úsáid is mó is féidir a bhaint as sonraí aigéin ar mhaithe lena n-athléimneacht agus lena bhfás.*
- ***tacóidh sé leis an tionscal** réitigh dé-úsáide a phíolótú agus **caighdeáin idir-inoibritheachta** uile-Aontais a fhorbairt le haghaidh soithí agus teicneolaíochtaí **dé-úsáide**, ag tógáil ar fhormáidí OceanEye.*
- *i gcomhthéacs an **athbhreithnithe ar an gcreat pleanála spásúla muirí** faoin n**Gníomh Eorpach um an Aigéan**, tabharfar aird ar leith ar riachtanais na bpobal cósta*
- *tacóidh sé le **modheolaíocht deimhniúcháin a fhorbairt** mar an chéad chéim eile i dtreo **creidmheasanna carbóin ghoirm**.*
- *tacóidh sé le **braislí agus slabhraí luacha bithgheilleagair ghoirm** a chruthú i bpobail chósta trí **chur chuige Forbartha Áitiúla faoi Stiúir an Phobail**, laistigh de **Thionscnamh Nuálaíochta an Aontais maidir leis an mBithgheilleagar Gorm** a bheidh ann amach anseo.*

### 2.2. Pobail chósta athléimneacha

Tá éifeachtaí an athraithe aeráide, amhail ardú leibhéil agus teochtaí na farraige, creimeadh cósta, tuilte, borradh stoirme, ionsá sáile agus díghrádú éiceachórais ag cur isteach níos mó agus níos mó ar chósta an Aontais. Cuireann siad sláinte agus sábháilteacht daoine, bonneagar, slándáil uisce agus bia, luachálacha sócmhainní agus préimheanna riosca, geilleagair áitiúla agus an comhshaol i mbaol. Sainaithníodh sa chéad **Mheasúnú Eorpach ar Rioscaí Aeráide**[16] **limistéir chósta** i measc na limistéar is mó atá neamhchosanta ar rioscaí aeráide. Cuireann na tionchair sin láithreáin oidhreachta cultúrtha agus domhanda i mbaol méadaitheach freisin.

Gan bearta maolaithe agus oiriúnaithe, d'fhéadfadh méadú mór teacht ar an **damáiste bliantúil** ó thuilte cósta san Aontas ó EUR 1,25 billiún sa lá atá inniu ann go dtí idir EUR 93 bhilliún agus EUR 961 bhilliún faoi dheireadh an chéid, rud a dhéanfadh difear do 1,5 go 3 mhilliún duine[17]. Mar sin féin, le gach EUR 1 bhilliún a infheistítear san oiriúnú, d'fhéadfaí laghdú EUR 14 bhilliún a dhéanamh ar dhamáistí tuilte a d'fhéadfadh a bheith ann[18]. Is gné lárnach de straitéis an Aontais um an Oiriúnú don Athrú Aeráide í an athléimneacht chósta[19]. Trí **Mhisin an Aontais: An tOiriúnú don Athrú Aeráide agus Ár nAigéan agus ár nUiscí a Athbhunú**[20], cuidíonn an Coimisiún le pobail measúnú a dhéanamh ar rioscaí aeráide, straitéisí oiriúnaithe a fhorbairt agus réitigh a chur chun feidhme. Agus iad ag obair i sineirgíocht, cuireann na Misin cuir chuige chomhdheartha shistéamacha chun cinn, agus aird ar leith á tabhairt ar réitigh dhúlrabhunaithe, lena neartaítear athléimneacht chósta i leith tionchair aeráide amhail tuilte, creimeadh agus ardú ar leibhéal na mara. Faoi dheireadh 2026, seolfaidh an Coimisiún Eorpach trí thionscadal shuaitheanta nua maidir le Misean Oiriúnaithe, le tacaíocht ón Aontas dar luach thart ar EUR 30 milliún. Léireoidh siad réitigh oiriúnaithe

[16] Measúnú Eorpach ar Rioscaí Aeráide — an Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil
[17] JRC PESETA IV -Tasc 6
[18] Tuarascáil 2023 ó Chlár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe maidir leis an mBearna Oiriúnaithe
[19] COM(2021) 82 final., i gcás ina sainaithnítear oiriúnú áitiúil mar cheann de thrí thosaíocht thrasearnálacha.
[20] Misean an Aontais maidir le hOiriúnú don Athrú Aeráide agus Misean an Aontais: Ár nAigéan agus ár nUiscí a Athbhunú

chomhtháite i dteophointí aeráide cósta, ina bhfuil gá le freagairtí comhordaithe ar rioscaí aeráide iomadúla agus géaraitheacha.

Le cistiú ón Aontas, lena n-áirítear cistí an bheartais chomhtháthaithe, cuirtear tacaíocht shuntasach ar fáil do ghníomhú ar son na haeráide ar fud na mBallstát agus na réigiún in 2021-2027. Mar sin féin, tá bearnaí tábhachtacha infheistíochta agus beartais fós ann ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil. Féachfaidh **an Coimisiún, in éineacht leis an mBanc Eorpach Infheistíochta (BEI)**, le **mapáil a dhéanamh ar fud an Aontais ar shainaithint** na bpíblínte infheistíochta atá ann cheana agus na ndeiseanna infheistíochta nua a d'fhéadfadh a bheith ann **maidir le hoiriúnú cósta**, na costais agus na tairbhí a bhaineann leo i bhfianaise an athraithe aeráide amach anseo. Ina theannta sin, bainfidh **an Coimisiún úsáid as tacaíocht chomhairleach theicniúil BEI** (e.g. JASPERS[21] agus sainorduithe comhairleacha ábhartha eile) chun **tacaíocht fothaithe acmhainneachta a chur ar fáil** chun straitéisí agus tionscadail infheistíochta na bpobal cósta a ullmhú. Féadfar tacú leo sin ansin trí mheascán de dheontais ón Aontas agus d'ionstraimí iasachtaithe BEI go sonrach d'údaráis bheaga agus mheánmhéide chun tionscadail athléimneachta in aghaidh an athraithe aeráide a fhorbairt. An tráth céanna, **cothóidh an Coimisiún comhar agus comhpháirtíochtaí straitéiseacha** idir údaráis na bpobal náisiúnta agus cósta trí úsáid a bhaint as **ionstraimí atá ann cheana** amhail **an Tionscnamh Uirbeach Eorpach, Pobail Regio Peer2Peer, agus JASPERS.**

Chun athléimneacht i bpobail chósta a fheabhsú, tá roinnt tosaíochtaí sainaitheanta ag an gCoimisiún ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach: **(i) feabhas a chur ar an eolas agus ar an bhfeasacht** ar rioscaí cósta, le tacaíocht ó OceanEye agus ón uirlis atá ag teacht chun cinn aige, Digital Twin of the Ocean; **(ii) riachtanais infheistíochta a mhapáil ar bhealach níos fearr; (iii) pleanáil agus rialachas infheistíochta a neartú** agus úinéireacht riosca a shoiléiriú ar fud na leibhéal rialachais; **(iv) tacú le fothú acmhainneachta** chun tionscadail athléimneachta a chur ar fáil; **(v) infheistíochtaí a shlógadh** le haghaidh oiriúnú don athrú aeráide agus maolú ar an athrú aeráide. Cuirfidh na hiarrachtaí sin leis na huirlisí atá ann cheana agus atá ag teacht chun cinn, lena n-áirítear Climate-ADAPT, EMODnet agus Digital Twin of the Ocean. Leis an dara ceann, a forbraíodh i sineirgíocht leis an tionscnamh Destination Earth, soláthrófar faisnéis gar d'fhíor-am maidir le dálaí an aigéin agus an chósta. Neartóidh sé sin cumas na n-údarás guaiseacha a réamh-mheas agus freagairt dóibh, riosca a mhapáil, agus bearta coisctheacha a spriocdhíriú ar bhealach níos fearr chun daoine, bonneagar, éiceachórais agus gnólachtaí áitiúla a chosaint.

Is féidir le **réitigh dhúlrabhunaithe** a bheith an-éifeachtach freisin, trí thairbhí comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíocha a chur ar fáil agus athléimneacht chósta á neartú an tráth céanna. In 2026, molfaidh an Coimisiún **Creat Eorpach maidir le hAthléimneacht in aghaidh an Athraithe Aeráide** chun rioscaí aeráide amach anseo a chomhtháthú i mbeartais, i gcinntí infheistíochta agus i mbainistiú riosca an Aontais. Dá bhrí sin, moltar do na húdaráis **ardú ar leibhéal na mara** agus **rioscaí aeráide a chomhtháthú i mbainistiú an chósta agus i bpleanáil spásúlachta.** Tacóidh tionscnaimh amhail Bauhaus Eorpach Nua le cathracha cósta freisin trí réitigh athléimneachta nuálacha mhacasamhlaithe, agus is é is aidhm don **Ghníomh Eorpach um an Aigéan** atá ar na bacáin comhtháthú an athraithe aeráide sa phleanáil spásúil mhuirí a neartú.

Is féidir le **comhbhainistíocht ina bhfuil páirtithe leasmhara áitiúla**, go háirithe iascairí, rannpháirteach in ainmniú agus i mbainistiú limistéar faoi chosaint, feabhas a chur ar thorthaí caomhnaithe agus ar inmharthanacht fhadtéarmach na mbeart. Tríd an eolaíocht a chomhcheangal le heolas áitiúil, is féidir comhlíonadh a mhéadú, coinbhleacht a laghdú agus tacú le hoiriúnú don athrú aeráide. Is féidir leis tairbhí áitiúla a chur ar fáil freisin trí athchóiriú,

[21] JASPERS - Comhchúnamh chun tacú le Tionscadail i Réigiúin na hEorpa

faireachán agus poist mhaoirseachta, chomh maith le hioncam ó athchóiriú an dúlra agus ó chreidmheasanna carbóin ghoirm. Molann an Coimisiún **tionscnaimh forbartha áitiúla faoi stiúir an phobail i limistéir chósta agus iascaigh** (FLAGanna/LAGanna) chun tacú le tionscadail mhaoirseachta, athchóirithe agus dúlrabhunaithe mhuirí. Iarrtar ar na Ballstáit freisin a áirithiú go mbeidh pobail chósta rannpháirteach go gníomhach i gcinntí a bhaineann le limistéir mhuirí faoi chosaint.

Tá ról lárnach ag pobail chósta freisin maidir le **slándáil agus athléimneacht na hEorpa**. Tá go leor acu suite feadh theorainneacha seachtracha muirí an Aontais agus tá brú slándála orthu atá ag dul i méid, lena n-áirítear bagairtí hibrideacha, sabaitéireacht, agus rioscaí a bhaineann le coinbhleachtaí leanúnacha, amhail ladrainn agus mianaigh farraige ar snámh. Is féidir leis na bagairtí sin cur isteach ar an iascach, ar an muiriompar agus ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha eile, agus an bonn á bhaint d'fhaireachas ar theorainneacha agus an choireacht trasteorann á héascú an tráth céanna. Ní mór aird ar leith a thabhairt freisin ar chosaint agus athléimneacht **an bhonneagair chriticiúil chósta agus mhuirí**, lena n-áirítear calafoirt, bonneagar fuinnimh amach ón gcósta agus cáblaí fomhuirí. Is féidir le páirtithe leasmhara cósta, lena n-áirítear iascairí, údaráis chalafoirt agus gníomhaithe áitiúla muirí, rannchuidiú le feasacht ar réimsí muirí trí thuairisciú deonach a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí aimhrialta nó amhrasacha ar muir, i gcomhréir le creataí náisiúnta.

Ina theannta sin, tá sé **ríthábhachtach an tslándáil agus an chosaint a neartú i limistéir chósta** chun cosaint an bhonneagair chriticiúil a áirithiú, acmhainneachtaí faireachais a threisiú, agus cumais mhearfhreagartha sa réimse muirí a fheabhsú. Sa chomhthéacs sin, is féidir le hardchumais dhigiteacha amhail Destination Earth agus a leathchúplaí digiteacha ardtaifigh um Oiriúnú don Athrú Aeráide agus Teagmhais Adhaimsire tacú le húdaráis agus le pobail chósta trí fheasacht staide fheabhsaithe, réamhaisnéis riosca, córais luathrabhaidh agus ionsamhlú cásanna casta a bhaineann leis an aeráid agus leis an tslándáil.

Chun ullmhacht a neartú agus níos mó pobal a chumhdach, **leathnóidh an Coimisiún an tionscnamh CoastWAVE**[22] trí mheasúnuithe guaise áitiúla agus córais rabhaidh shaincheaptha a chomhtháthú chun a áirithiú go sroichfidh foláirimh pobail chósta. Tá na hiarrachtaí sin ailínithe le **straitéis Slándála Muirí an Aontais**, le **straitéis an Aontais um Chalafoirt**, agus le **straitéis an Aontais um Aontas na hUllmhachta** agus le **straitéis slándála na hEorpa** a bheidh ann amach anseo, rud a léiríonn an gá atá le hathléimneacht agus feasacht riosca níos láidre ar fud na limistéar cósta. I gcomhréir leis na straitéisí sin, ba cheart do na húdaráis feasacht riosca a neartú gar do limistéir chalafoirt, ionas gur féidir le cónaitheoirí freagairt go héifeachtach i gcás teagmhas.

Mar **mhaoir aigéin**, tá ról ríthábhachtach ag pobail chósta maidir le hacmhainní agus éiceachórais mhuirí a chosaint, agus an tráth céanna tacú le slite beatha, slándáil bia agus gníomhaíochtaí inbhuanaithe an gheilleagair ghoirm. Tá pobail chósta lárnach sa chur chuige ó fhoinse go muir agus tá siad fíor-riachtanach chun an comhshaol cósta agus muirí **a chaomhnú agus a athbhunú**, lena n-áirítear bithéagsúlacht fhíorshaibhir na réigiún is forimeallaí.

Is príomh-mhoil chósta iad **calafoirt** le haghaidh **ciorclaíochta agus rialú truaillithe**. Faoi straitéis na gCalafort, tacóidh an Coimisiún leis an ról sin trí chritéir theicniúla a shimpliú, ceadú a chuíchóiriú agus treoir a eisiúint do na Ballstáit.

D'ainneoin iarrachtaí substaintiúla cosanta agus athchóirithe agus an dul chun cinn atá déanta maidir le bainistiú inbhuanaithe iascaigh, tá **éiceachórais chósta agus mhuirí fós faoi bhrú mór** ón truailliú, ón eotrófú, ón ró-iascaireacht, ón gcreimeadh agus ón athrú aeráide. Tá

[22] CoastWAVE 2.0 | Líonra Eolais Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta

drochbhail ar thart ar **80 % de ghnáthóga muirí agus talún faoi chosaint** san Eoraip, agus tá drochbhail ar **62 % d'aibhneacha, lochanna agus láithreáin chósta**[23]. Tá iarmhairtí diúltacha aige sin don tsláinte phoiblí agus laghdaíonn sé sábháilteacht agus tarraingteacht na limistéar cósta. Baineann sé an bonn freisin de cholún bunúsach inbhuanaitheachta earnálacha an gheilleagair ghoirm, amhail an t-iascach agus an dobharshaothrú. Tá sé **ríthábhachtach i gcónaí reachtaíocht chomhshaoil an Aontais a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú ar bhealach níos éifeachtaí**, mar aon le bearta athchóirithe spriocdhírithe faoin Rialachán maidir le hAthchóiriú an Dúlra[24]. Faoi mhí Mheán Fómhair 2026, tá coinne leis go gcuirfidh na Ballstáit pleananna náisiúnta um athchóiriú isteach, rud atá ina gharsprioc thábhachtach i dtreo caomhnú níos comhordaithe ar éiceachórais chósta agus mhuirí. Is é is aidhm don athbhreithniú atá beartaithe ar an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí sa Ghníomh Eorpach um an Aigéan atá ar na bacáin cosaint an chomhshaoil a neartú, forálacha a shimpliú agus comhleanúnachas le acquis an Aontais a neartú.

**Trí Mhisin Fís Eorpach maidir lenár nAigéan agus ár nUiscí a Athchóiriú**[20] agus **Comhaontú Ithreach don Eoraip**[25], tá an tAontas ag tacú le pobail chósta cheana féin trí réitigh nuálacha a fhorbairt agus a thástáil maidir le hathchóiriú, bainistiú cósta lena n-áirítear coinneáil uisce agus truailliú cothaitheach agus cleachtais athghiniúnacha an gheilleagair ghoirm. Cuideoidh **an Straitéis Taighde agus Nuálaíochta um na hAigéin agus Uisce** le cur leis an gcur chuige 'ó fhoinse go muir' trí bhainistiú uisce a nuáil agus trí éifeachtúlacht uisce a fheabhsú. Tacaíonn cistí an Aontais - amhail cistí an Bheartais Chomhtháthaithe, CEMID agus LIFE - cheana féin le hinfheistíochtaí sa bhithéagsúlacht, san athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide, i mbainistiú inbhuanaithe uisce, agus sa gheilleagar ciorclach ar fud na limistéar cósta.

**<u>Gníomhaíochtaí suaitheanta</u> - An Coimisiún:**

- ***cuirfidh sé comhpháirtíochtaí comhbhainistíochta struchtúrtha chun cinn** (lena n-áirítear iascairí) le haghaidh limistéir faoi chosaint agus **tacóidh sé leis na Ballstáit agus leis na húdaráis áitiúla** rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara a leabú i bpleanáil, i bhfaireachán agus in athbhreithniú tréimhsiúil na bpleananna.*
- ***in éineacht le BEI**, fiosróidh sé **mapáil infheistíochta ar leibhéal an Aontais** a dhéanamh le haghaidh oiriúnú cósta, agus úsáid a bhaint as **tacaíocht chomhairleach theicniúil BEI** chun tacaíocht fothaithe acmhainneachta a chur ar fáil.*
- *cothóidh sé **comhar agus comhpháirtíochtaí straitéiseacha** idir údaráis na bpobal náisiúnta agus cósta.*
- *déanfaidh sé **an tionscnamh CoastWAVE a leathnú** chun measúnuithe guaise áitiúla agus córais rabhaidh shaincheaptha a leathnú chuig níos mó pobal.*

### 2.3. Pobail chósta ar féidir maireachtáil iontu

Tá rochtain ar chúram sláinte, oideachas, scileanna, nascacht dhigiteach agus iompair, agus tithíocht inacmhainne, ríthábhachtach chun pobail chósta a choinneáil tarraingteach agus inchónaithe, go háirithe do dhaoine óga. Tá na seirbhísí sin ríthábhachtach freisin chun Ceart Fanachta éifeachtach a áirithiú[26]. Mar sin féin, tá réaltachtaí eacnamaíocha agus dúshláin

---

[23] Tuarascáil an Chomhshaoil 2025 EEA, 2025 agus Tuarascáil um Staid na nAigéan de chuid Sheirbhís Mhuirí Copernicus
[24] Treoir 79/409/CEE, Treoir 92/43/CEE ón gComhairle, Treoir 2008/56/CE agus Rialachán (AE) 2024/1991.
[25] Misean an Aontais Eorpaigh: Comhaontú ithreach don Eoraip
[26] I gcomhréir leis an Straitéis atá ar na bacáin maidir leis an gCeart chun Fanachta.

chríochacha an-éagsúil roimh phobail chósta ar fud an Aontais, go háirithe i gceantair thuaithe agus iargúlta.

Leis an bh**Fís Fhadtéarmach le haghaidh cheantair thuaithe an Aontais**,[27] cuirtear creat iomlánaíoch de chuid an Aontais ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, lena n-áirítear riachtanais shonracha na gceantar cósta tuaithe a bhfuil srianta geografacha, bearnaí inrochtaineachta agus laghdú daonra rompu. Leis an gcéad **straitéis AE i gcoinne na Bochtaineachta** riamh a glacadh an 6 Bealtaine 2026, agus le **Plean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh um an Tuath** atá ar na bacáin, atá le glacadh níos déanaí i mbliana, tacófar a thuilleadh leis na hiarrachtaí sin.

Tá **inacmhainneacht tithíochta** faoi bhrú ar leith i gcomharsanachtaí áirithe, go háirithe i gcathracha ach i dteophointí turasóireachta eile freisin[28]. Mar gheall ar an méadú atá ag teacht ar an éileamh arb iad sreafaí turasóireachta, cíosanna gearrthéarmacha, tithe tánaisteacha, teaghaisí folmha, éileamh ar infheistíocht nó cineálacha eile úsáide neamhphríomha tithíochta is cúis leis, tá baol níos mó ann go n-easáiteofar pobail áitiúla agus go gcuirfear teorainn leis an rochtain atá ag oibrithe riachtanacha ar thithíocht. D'fhéadfadh uas-scálú tithíochta sóisialta a bheith ina rogha beartais thábhachtach do bhardais chósta. Oibreoidh an tArdán Infheistíochta Uile-Eorpach um thithíocht inacmhainne agus inbhuanaithe atá ar na bacáin chun cistiú a shlógadh do thithíocht shóisialta agus inacmhainne. An tráth céanna, mar a fógraíodh sa Phlean Eorpach um Thithíocht Inacmhainne, molfaidh an Coimisiún **Acht um Thithíocht Inacmhainne** chun cuidiú le húdaráis phoiblí réimsí tithíochta atá faoi strus a shainaithint, agus lánurraim á tabhairt don choimhdeacht, chun é a chur ar a gcumas dóibh bearta comhréireacha a dhéanamh chun inacmhainneacht tithíochta a chosaint. Thairis sin, leis an **Rialachán maidir le Cíosanna Gearrthéarmacha**[29] a bhfuil feidhm aige ón 20 Bealtaine 2026, tabharfar níos mó trédhearcachta agus cuideofar le húdaráis phoiblí an margadh a rialáil ar bhealach comhréireach trína cheangal go gclárófar óstaigh go héigeantach, agus go gcomhroinnfear sonraí maidir le hidirbhearta iarbhír idir ardáin dhigiteacha agus údaráis náisiúnta. Leis an CAI atá ann faoi láthair, tacaítear cheana féin le hiarrachtaí chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais tithíochta inacmhainne ardcháilíochta le EUR 43 bhilliún ar a laghad[30] trí Chistí an Bheartais Chomhtháthaithe, InvestEU, LIFE, Clár an Mhargaidh Aonair agus Fís Eorpach, agus trí NextGenerationEU, agus le hathbhreithniú meántéarma an bheartais chomhtháthaithe bhíothas in ann EUR 3.3 billiún breise faoi CFRE a ath-leithdháileadh ar an tosaíocht maidir le tithíocht inacmhainne agus shóisialta. Ag féachaint chun cinn, maoineoidh an Ciste Aeráide Sóisialta infheistíochtaí le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh agus athchóiriú foirgneamh agus téamh agus fuarú glan. **Molann an Coimisiún do na Ballstáit dlús a chur le hinfheistíochtaí** i dtithíocht agus i seirbhísí gaolmhara i bpobail chósta atá faoi bhrú tithíochta, go háirithe do na grúpaí is leochailí.

Tá **oidhreacht mhuirí** shaibhir ar chóstaí an Aontais freisin, lena n-áirítear láithreáin mhuirí Oidhreachta Domhanda UNESCO[31], traidisiúin áitiúla, cultúr bia, cleachtais agus ceardaíocht a chothaíonn féiniúlacht phobail, agus luachanna idirghlúine. Tá gníomhaíochtaí amhail iascach mionscála agus ceardaíochta, dobharshaothrú, longthógáil agus loingseoireacht lárnach don chreatlach shóisialta agus chultúrtha. Ba cheart a rannchuidiú uathúil leis an bhféiniúlacht áitiúil a aithint ar gach leibhéal rialachais.

Le tionscnaimh amhail **Comhghuaillíocht EU4Ocean um litearthacht aigéin**, leanfar d'fheasacht a mhúscailt maidir le tábhacht chultúrtha, shóisialta agus eacnamaíoch an aigéin,

[27] COM/2021/345 final
[28] SWD(2025) 1053/2 - An ghéarchéim tithíochta a thuiscint
[29] Rialachán - AE - 2024/1028
[30] An Plean Gníomhaíochta Eorpach um Thithíocht Inacmhainne. COM(2025) 1025 final
[31] An tIonad Oidhreachta Domhanda - Clár Muirí na hOidhreachta Domhanda

agus béim á leagan ar oidhreacht mhuirí na bpobal cósta, agus tacófar an tráth céanna le heolas idirghlúine agus le maoirseacht ar an aigéan. Le **Saoráid Bauhaus Eorpach Nua** agus le **Saotharlann na bPobal Aigéin**, **Cósta agus Oileánach de chuid Bauhaus Eorpach Nua**, cuirtear deiseanna ar fáil freisin do thionscadail chósta ina gcomhcheanglaítear an inbhuanaitheacht, an dearadh, an cultúr agus an athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide.

**Molann an Coimisiún do na Ballstáit agus do phobail áitiúla leanúint de thionscnaimh oidhreachta goirme agus muirí a chur chun cinn** trí CLLDanna agus a FLAGanna agus trí chláir agus tionscnaimh eile ar an leibhéal áitiúil agus ar an leibhéal náisiúnta.

**<u>Gníomhaíochtaí suaitheanta</u> - An Coimisiún:**

- *molfaidh sé **Gníomh um Thithíocht Inacmhainne** chun tacú le húdaráis phoiblí réimsí struis tithíochta a shainaithint agus chun a chur ar a gcumas, agus lánurraim á tabhairt don choimhdeacht, bearta a dhéanamh chun inacmhainneacht tithíochta a chosaint agus a chur chun cinn sna limistéir sin.*
- *trí* **Shaoráid Bauhaus Eorpach Nua** *agus trí* **Shaotharlann na bPobal Aigéin**, **Cósta agus Oileánach de chuid Bauhaus Eorpach Nua** *a sheoladh, cuirfear deiseanna ar fáil do thionscadail chósta ina gcomhcheanglaítear an inbhuanaitheacht, an dearadh, an cultúr agus an athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide.*

## 3. Cur chun feidhme na straitéise

### 3.1. Cistiú

Tá méadú seasta ag teacht ar an rochtain ar mhaoiniú don gheilleagar gorm. Tríd an **Ardán BlueInvest**, tacaíonn an tAontas le gnólachtaí nuathionscanta agus le FBManna chun teicneolaíochtaí agus seirbhísí nuálacha aigéin a fhorbairt agus chun cur leo, lena n-áirítear é sin a dhéanamh i limistéir chósta, trí chóitseáil, meaitseáil infheisteoirí agus tacaíocht tiomsaithe airgid a chur ar fáil. Is é is aidhm d'ionstraim infheistíochta an gheilleagair ghoirm - le tacaíocht ó CEMID agus InvestEU agus arna cur chun feidhme ag an gCiste Eorpach Infheistíochta (CEI) - suas le EUR 1 bhilliún d'infheistíocht chothromais a shlógadh faoi 2028. Thairis sin, tá ról lárnach ag an m**Banc Eorpach Infheistíochta** (BEI) freisin, le meán-infheistíochtaí bliantúla de thart ar EUR 2.6 billiún i dtionscadail an gheilleagair ghoirm agus i dtionscadail cosanta cósta.

**Is féidir le comhar agus sineirgí níos láidre le Bainc Náisiúnta le haghaidh Spreagadh agus le hinstitiúidí airgeadais iltaobhacha eile** cabhrú le tuilleadh gnó agus pobal cósta rochtain a fháil ar chistiú, ar sheirbhísí comhairleacha teicniúla agus ar thacaíocht fothaithe acmhainneachta. Cuidíonn **Rialachán an Aontais maidir le Tacsanomaíocht** freisin le hinfheistíocht a dhíriú ar ghníomhaíochtaí a rannchuidíonn le húsáid inbhuanaithe a bhaint as uisce agus acmhainní muirí agus iad a chosaint[32]. Ina theannta sin, beidh ról lárnach ag cláir reachtacha[33] maidir le caipiteal príobháideach a scaoileadh. Trí chostas infheistíochtaí cothromais fadtéarmacha a laghdú agus trí aitheantas a thabhairt d'éifeacht laghdaithe riosca ráthaíochtaí an Aontais nó ráthaíochtaí náisiúnta i gceanglais chaipitil, is féidir leis na cláir reachtacha sin infheistíochtaí a spreagadh.

[32] Rialachán (AE) 2020/852
[33] C(2025) 2731 final

Leanann **beartas comhtháthaithe an Aontais, an Comhbheartas Talmhaíochta agus beartais mhuirí** de thacaíocht a thabhairt don fhorbairt inbhuanaithe ar fud na réigiún cósta, arna gcomhlánú le tionscnaimh fothaithe acmhainneachta, amhail TAIEX-REGIO Peer2Peer[34] agus FAMENET do Ghrúpaí Gníomhaíochta Áitiúla.

Ag féachaint chun cinn, le Creat Airgeadais Ilbhliantúil 2028-2034 atá beartaithe, cuirtear deiseanna nua ar fáil do na Ballstáit agus do na réigiúin pobail chósta a neartú. Moltar do na Ballstáit a b**Pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí a ailíniú le cuspóirí na straitéise sin** agus, i gcomhpháirtíocht leis na húdaráis réigiúnacha agus áitiúla, tacú le réitigh áitbhunaithe atá saincheaptha do riachtanais áitiúla. D'fhéadfadh an **Ciste Eorpach um Iomaíochas (CEI)**[35] atá beartaithe tacú freisin le hinfheistíocht agus nuálaíocht in earnálacha inbhuanaithe an gheilleagair ghoirm.

Cisteoidh an Coimisiún, mar chuid den **Chomhpháirtíocht um Gheilleagar Gorm Inbhuanaithe**[36] faoin gclár Fís Eorpach, níos mó ná EUR 450 milliún faoi 2027 i mbreis agus 43 thionscadal T&N a thacaíonn le geilleagar gorm aeráidneodrach, inbhuanaithe agus iomaíoch, lena n-áirítear tacaíocht thiomnaithe do phobail agus do ghnólachtaí cósta athléimneacha. Faoi dheireadh 2026, beidh pobail áitiúla agus chósta rannpháirteach freisin i nglao ar thacaíocht theicniúil chun cabhrú le cláir oibre um aistriú a ullmhú faoi **Mhisean na nAigéan agus na nUiscí**[37] ionas go léireoidh tionscadail agus infheistíochtaí riachtanais áitiúla.

### 3.2. Rialachas

Tá tacaíocht éifeachtach do phobail chósta ag brath ar **chur chuige láidir rialachais il-leibhéil** agus ar dhlúthchomhar i measc údaráis áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta agus údaráis an Aontais. Tá rannpháirtíocht fhóinteach na ngníomhaithe áitiúla agus réigiúnacha i gceapadh agus i gcur chun feidhme beartas ríthábhachtach chun riachtanais áitiúla a léiriú agus chun cuidiú le tosaíochtaí an Aontais a bhaint amach.

Tá struchtúir comhair chríochaigh agus ardáin idirphlé bunaithe ag an Aontas lena nasctar pobail chósta le húdaráis réigiúnacha agus náisiúnta, calafoirt, tionscal, an saol acadúil agus an tsochaí shibhialta, amhail **Straitéisí Imchuach Farraige an Aontais agus Straitéisí Macrairéigiúnacha an Aontais.** Cuidíonn na creataí sin le tosaíochtaí an Aontais a aistriú ina 'réitigh áitbhunaithe' lena neartaítear inbhuanaitheacht chomhshaoil, éagsúlú eacnamaíoch agus slabhraí luacha réigiúnacha.

Faoi 2027, oibreoidh an Coimisiún agus Ballstáit an Atlantaigh chun Straitéis Mhuirí an Atlantaigh a thabhairt cothrom le dáta, lena n-áirítear an fhéidearthacht creat macrairéigiúnach nua a fhorbairt do réigiún an Atlantaigh. An tráth céanna, forbróidh an Coimisiún, in éineacht leis an Aontas do chomhpháirtithe na Meánmhara agus na Meánmhara Thoir, straitéis nua imchuach farraige chun tacú le geilleagar gorm inbhuanaithe iomaíoch sa réigiún.

Cuidíonn tionscnaimh amhail **Lá Eorpach na Mara**, lena n-áirítear feachtas bliantúil na n-imeachtaí áitiúla '**Lá Eorpach na Mara i mo thír féin**', le pobail áitiúla a nascadh le deiseanna agus beartais an Aontais. Le **líonra na gCathracha Gorma de chuid Lá Eorpach na Mara**, neartófar an comhar i measc chathracha cósta agus calafoirt na hEorpa chun beartais mhuirí inbhuanaithe, nuálaíocht agus timpeallachtaí muirí sláintiúla a chur chun cinn.

An tráth céanna, tá bearnaí suntasacha fós ann i mbailiú sonraí socheacnamaíocha agus comhshaoil ar an leibhéal áitiúil maidir le pobail chósta. Trí úsáid a bhaint as sainmhínithe, aicmithe agus creataí bailithe sonraí comhchuibhithe atá ann cheana, beidh sé d'aidhm ag

[34] Inforegio - TAIEX-REGIO Peer2Peer
[35] COM(2025) 555 final
[36] An Chomhpháirtíocht um Gheilleagar Gorm Inbhuanaithe
[37] Clár Oibre 2026-2027 Fís Eorpach.

Eurostat, in éineacht le seirbhísí eile de chuid an Choimisiúin, na bearnaí sin a dhúnadh chun cabhrú le húdaráis áitiúla agus le páirtithe leasmhara bearta a spriocdhíriú ar bhealach níos fearr, tosaíocht a thabhairt d'infheistíochtaí agus athléimneacht a neartú.

**Gníomhaíocht shuaitheanta - An Coimisiún:**

- *déanfaidh sé* ***Straitéis Mhuirí an Atlantaigh***[38] *le Ballstáit an Atlantaigh a thabhairt cothrom le dáta, lena n-áirítear breithniú a dhéanamh ar* ***chreat macrairéigiúnach nua an Atlantaigh****, agus tíolacfaidh sé, in éineacht leis an Aontas do chomhpháirtithe na Meánmhara agus na Meánmhara Thoir, straitéis* ***nua imchuach farraige na Meánmhara Thoir*** *chun tacú le geilleagar gorm inbhuanaithe iomaíoch.*

## 4. Conclúidí

Tá pobail chósta an Aontais lárnach do rathúnas eacnamaíoch, athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus oidhreacht chultúrtha an Aontais. I straitéis an Choimisiúin maidir le pobail chósta rathúla, athléimneacha agus ináitrithe, leagtar amach na príomhdheiseanna chun na limistéir sin **a neartú** agus chun tacú lena **bhforbairt fhadtéarmach**. Cuireann an straitéis **daoine** ina chroílár agus cuireann sí **creat comhleanúnach ar fáil chun beartais ábhartha an Aontais a nascadh ar bhealach níos fearr.** Cothaíonn sé sineirgí freisin le tionscnaimh atá ann cheana, go háirithe straitéis an Aontais maidir le hoileáin agus straitéis an Aontais maidir leis na réigiúin is forimeallaí.

Oibreoidh an Coimisiún leis na Ballstáit chun beartais agus ionstraimí cistiúcháin amach anseo a ailíniú le riachtanais shonracha na bpobal cósta agus chun cur chun feidhme éifeachtúil a áirithiú. Le hUachtaránacht na Comhairle, tionólfaidh an Coimisiún **comhdháil ardleibhéil maidir le hOileáin agus Pobail Chósta an 26 Meitheamh 2026** chun tús a chur le cur chun feidhme an dá straitéis.

Déanfar measúnú trédhearcach tréimhsiúil ar an dul chun cinn foriomlán trí **dheais an Chomhshocraithe um an Aigéan** agus tríd an **Tuarascáil ar Staid an Chomhshocraithe um an Aigéan**.